



PARLAIMINT NA HEORPA: NÓSANNA IMEACHTA TOGHCHÁIN

Tá na nósanna imeachta chun Parlaimint na hEorpa a thoghadh faoi rialú ag reachtaíocht Eorpach ina sainítear rialacha atá coiteann do gach Ballstát agus ag forálacha náisiúnta sonracha atá éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Leagtar síos sna rialacha comhchoiteanna prionsabal na hionadaíochta cionmhaire agus neamh-chomhoiriúnachtaí áirithe a ghabhann leis an sainordú mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa. Tá go leor ábhar tábhachtach eile, amhail an córas toghcháin go díreach a úsáidtear agus an líon toghlach, faoi rialú ag dlíthe náisiúnta.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); Airteagail 20, 22 agus 223 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 39 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976](#) maidir le toghadh ionadaithe an Tionóil trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, arna leasú go deireanach le [Cinneadh \(AE, Euratom\) 2018/994](#) ón gComhairle an 13 Iúil 2018.

RIALACHA COMHCHOITEANNA

A. Prionsabail

Luadh sna Conarthaí bunaidh ([1.1.1.](#)) gurb iad na parlaimintí náisiúnta a cheapadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) ar dtús, ach rinneadh foráil iontu do thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach. Rinne an Chomhairle an fhoráil sin a chur chun feidhme roimh na chéad toghcháin dhíreacha in 1979 trí Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (Ionstraim 1976). Rinne sí staid institiúideach Pharlaimint na hEorpa a athrú ó bhonn agus is é an doiciméad bunúsach é d'Aontas Eorpach níos daonlathaí.

In 1992, rinneadh foráil le Conradh Maastricht ([1.1.3.](#)) nár mhór toghcháin a reáchtáil i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach agus gur cheart do Pharlaimint na hEorpa togra a tharraingt suas chun na críche sin, lena ghlacadh ag an gComhairle d'aon toil. Ós rud é, áfach, nach raibh an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú maidir le haon cheann de na tograí, tugadh isteach le Conradh Amstardam an fhéidearthacht go ndéanfaí 'prionsabail chomhchoiteanna' a ghlacadh. [Cinneadh 2002/772/CE Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh agus an 23 Meán Fómhair 2002](#) rinneadh Ionstraim



1976 a mhodhnú dá réir, nuair a tugadh isteach prionsabal na hionadaíochta cionmhaire agus prionsabal na neamh-chomhoiriúnachta idir sainorduithe náisiúnta agus sainorduithe Eorpacha.

Glacadh na leasuithe deireanacha ar Ionstraim 1976 le [Cinneadh \(AE Euratom\) 2018/994 an 13 Iúil ón gComhairle](#), a áiríonn forálacha maidir leis an bhféidearthacht modhanna éagsúla vótála a bheith ann (réamhvótáil, vótáil leictreonach, vótáil ar an idirlíon agus vótáil tríd an bpost); maidir le tairseacha; maidir le sonraí pearsanta a chosaint; maidir le pionós a ghearradh le reachtaíocht náisiúnta má dhéantar 'vótáil dhúbailte; maidir le vótáil i dtríú tíortha; agus maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh páirtithe polaitiúla Eorpacha feiceálach ar pháipéir bhallóide.

Le Conradh Liospóin ([1.1.5.](#)) rinneadh ceart bunúsach den cheart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir (Airteagal 39 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

B. Cur i bhfeidhm: forálacha comhchoiteanna atá i bhfeidhm

1. An ceart chun vótála agus chun bheith ina n-iarrthóirí atá ag neamhnáisiúnaigh

De réir Airteagal 22(2) CFAE, 'beidh ag gach saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina bhfuil cónaí air'. I gcomhréir le hAirteagal 6 de [Threoir 93/109/CE, ón gComhairle](#), arna leasú go deireanach le [Treoir 2013/1/AE ón gComhairle](#), 'aon saoránach de chuid an Aontais a bhfuil cónaí air i mBallstát nach náisiúnach de é agus a ndearnadh, trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí chinneadh riaracháin aonair – ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha, an ceart atá aige chun bheith ina iarrthóir faoi dhlí an Bhallstáit cónaithe nó faoi dhlí a Bhallstáit baile a bhaint de, cuirfear bac air an ceart sin a fheidmiú sa Bhallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa'.

2. Córas toghcháin

Faoi Ionstraim 1976 arna leasú, is gá toghcháin Eorpacha a bhunú ar ionadaíocht chionmhar agus úsáid a bhaint as an gcóras liostaí nó as córas an vóta inaistrithe aonair. Féadfaidh Ballstáit údarú a dhéanamh freisin ar vótáil atá bunaithe ar chóras liostaí tosaíochta.

Chomh maith leis an tairseach íosta dheonach le haghaidh leithdháileadh suíochán de suas le 5% de vótaí bailí a chaitear ar an leibhéal náisiúnta, bunaítear leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Ionstraim 1976, arna nglacadh le [Cinneadh \(AE, Euratom\) 2018/994 ón gComhairle](#) tairseach íosta éigeantach de idir 2% agus 5% do thoghlaigh (lena n-áirítear Ballstáit aontoghlaigh) a bhfuil níos mó ná 35 shuíochán acu i mBallstáit ina n-úsáidtear an córas liostaí. Beidh sé de dhualgas ar na Ballstáit an ceanglas sin a chomhlíonadh in am do thoghcháin 2024 ar a dhéanaí.

De bhun an Chinnidh sin, féadfaidh na Ballstáit freisin foráil maidir le réamhvótáil, vótáil tríd an bpost agus vótáil leictreonach agus ar an idirlíon. I gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ní mór dóibh bearta a ghlacadh ar leor iad chun a áirithiú go háirithe go mbeidh an toradh iontaofa, go mbeidh an vótáil faoi rún agus go gcosnófar sonraí pearsanta.



3. Neamh-chomhoiriúnachtaí

De réir Airteagal 7 d'Ionstraim 1976, arna leasú le [Cinneadh 2002/772/CE, Euratom ón gComhairle](#), níl oifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa ag luí le hoifig comhalta de rialtas Ballstáit, comhalta den Choimisiún, bhreithimh, abhcóide ginearálta nó chláráitheora sa Chúirt Bhreithiúnais, comhalta den Chúirt Iniúchóirí, comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, comhalta de choistí nó de chomhlachtaí eile arna mbunú de bhun na gConarthaí chun cistí an Aontais a bhainistiú nó chun cúram riaracháin buan díreach a chur i gcrích, comhalta de Bhord Stiúrthóirí, de Choiste Bainistíochta nó d'fhoireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, agus oifigigh nó sheirbhísigh ghníomhaigh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh nó de na sainchomhlachtaí a ghabhann leo. Is ann fós do neamhréireachtaí do chomhaltaí de Choiste na Réigiún (arna chur leis an méid sin in 1997); do chomhalta de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Ceannais Eorpaigh, d'Ombudsman an Aontais Eorpaigh, agus níos tábhachtaí fós, comhalta de pharlaimint náisiúnta (arna chur leis an méid sin in 2002).

SOCRUITHE ATÁ FAOI RÉIR FORÁLACHA NÁISIÚNTA

I dteannta na rialacha comhchoiteanna sin, tá na socruithe toghcháin faoi rialú ag forálacha náisiúnta, ar féidir an-éagsúlacht a bheith eatarthu; dá bhrí sin, is féidir an córas toghcháin a mheas mar chóras toghcháin ilchruthach.

A. Córas toghcháin agus tairseacha

Baineann gach Ballstát úsáid as córas atá bunaithe ar ionadaíocht chionmhar. Chomh maith leis an tairseach íosta dheonach le haghaidh leithdháileadh suíochán de suas le 5% ar an leibhéal náisiúnta, bunaítear le [Cinneadh \(AE, Euratom\) 2018/994](#) ón gComhairle tairseach íosta éigeantach de idir 2% agus 5% do thoghlaigh (lena n-áirítear Ballstáit aontoghlaigh) ina bhfuil níos mó ná 35 shuíochán. Ní mór an ceanglas sin a chomhlíonadh in am do thoghcháin Eorpacha 2024 ar a dhéanaí.

Faoi láthair, seo a leanas na tairseacha a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm: An Fhrainc, an Bheilg, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóvaic, Poblacht na Seice, Rómáin, an Chróit, an Laitvia agus an Ungáir (5%); an Ostair, an Iodáil agus an tSualainn (4%); an Ghréig (3%); agus an Chipir (1.8%). Ní chuireann na Ballstáit eile aon tairseach i bhfeidhm, cé go ndearna an Ghearmáin iarracht é sin a dhéanamh, ach in dhá chinneadh in [2011](#) agus in [2014](#), dhearbhaigh Cúirt Bhunreachtúil na Gearmáine go raibh tairseacha reatha na tíre do thoghcháin AE (a bhí ar dtús 5%, ansin 3%) míbhunreachtúil.

B. Teorainneacha toghlaigh

Is mar thoghlaigh aonair a fheidhmíonn formhór na mBallstát sna toghcháin Eorpacha. Tá, áfach, ceithre Bhallstát ann (an Bheilg, Éire, an Iodáil agus an Pholainn) a bhfuil a gcríoch náisiúnta roinnte i dtoghlaigh réigiúnacha acu.

C. Teidlíocht chun vótála

Is é 18 an aois vótála sna Ballstáit go léir, seachas san Ostair agus i Málta, áit arb é 16 é agus sa Ghréig, áit arb é 17 é.



Tá an vótáil éigeantach i gcúig Bhallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, Lucsamburg, an Chipir agus an Ghréig): tá ar náisiúnaigh mar aon le saoránaigh neamhnáisiúnacha cláraithe AE vóta a chaitheamh.

1. Vótáil ag neamhnáisiúnaigh ina dtír óstach

Tá sé de cheart ag saoránaigh an Aontais atá ina gcónaí i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát ina bhfuil siad ina gcónaí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin (Airteagal 22 CFAE). Tá coincheap an chónaithe éagsúil i gcónaí, áfach, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. I roinnt tíortha, bíonn ceangal ar vótálaithe a n-áit sainchónaithe nó a ngnátháit chónaithe a bheith laistigh den toghlach (an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóivéin), a bheith ina ngnáthchónaí ann (an Chipir, an Danmhairg, an Ghréig, Éire, Lucsamburg, an tSlóvaic agus an tSualainn) nó a bheith liostaithe sa chlár daonra (an Bheilg agus Poblacht na Seice). Chun bheith incháilithe chun vótáil i roinnt tíortha (Lucsamburg agus an Chipir) ní mór do shaoránaigh AE ceanglas a chomhlíonadh freisin maidir le tréimhse íosta chónaithe a bheith acu. I ngach Ballstát, tá sé de cheangal ar náisiúnaigh ó thíortha eile AE clárú chun vótáil roimh lá na dtoghchán. Bíonn na spriocdhátaí don chlárú éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

2. Vótáil ag náisiúnaigh neamhchónaitheacha ina dtír thionscnaimh

Ceadaíonn nach mór gach Ballstát go ndéanfaí vótáil ó thír thar lear sna toghcháin Eorpacha. I roinnt Ballstát, is gá do vótálaithe clárú lena n-údaráis náisiúnta toghcháin ionas go mbeidh siad incháilithe vóta a chaitheamh agus iad thar lear tríd an bpost nó ag ambasáid nó ag consalacht. I mBallstáit eile, féadtar vóta poist a dhéanamh ag ambasáidí nó ag consalachtaí. I roinnt Ballstát, ní thugtar an ceart chun vótála thar lear ach do shaoránaigh atá ag cónaí i mBallstát eile (e.g. an Bhulgáir agus an Iodáil). Chomh maith leis sin, tá socruithe speisialta ag formhór na mBallstát le haghaidh taidhleoirí agus pearsanra míleata atá i mbun seirbhíse thar lear.

Ós rud é go bhfuil roinnt neamhnáisiúnach in ann vótáil ina dtír óstach agus mar náisiúnaigh ina dtír thionscnaimh, d'fhéadfadh sé go mbeadh mí-úsáid (an vótáil dhúbailte, ar cion coiriúil é i roinnt Ballstát) ann dá bharr. Maidir leis sin, ceanglaítear leis na leasuithe is déanaí ar Ionstraim 1976, arna nglacadh le [Cinneadh \(AE, Euratom\) 2018/994](#), go ndéanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeadh an vótáil dhúbailte i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

D. An ceart seasamh i dtoghchán

Maidir leis an gceart chun bheith mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa in aon Bhallstát cónaithe eile, is ionann é sin freisin agus prionsabal an neamhidirdhealaithe idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh a chur i bhfeidhm agus leanann sé ón gceart chun gluaiseachta agus cónaí faoi shaoirse san Aontas Eorpach. Aon duine ar saoránach de chuid an Aontais é agus nach náisiúnach dá Bhallstát cónaithe é, ach a chomhlíonann na coinníollacha céanna i leith an chirt chun bheith ina iarrthóir de réir mar a chuireann an Ballstát sin an dlí i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin, tá aige an ceart chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa



Bhallstát cónaithe mura rud é go mbaintear na cearta sin de ([Airteagal 3 de Threoir 93/109/CE ón gComhairle](#)).

Seachas an ceanglas maidir le saoránacht Ballstáit, atá coiteann do gach Ballstát, tá na coinníollacha éagsúil ó thír amháin go tír eile. Ní fhéadfaidh duine a bheith ina iarrthóir i níos mó ná Ballstát amháin sa toghchán céanna (Airteagal 4 de Threoir 93/109/CE ón gComhairle). Is é 18 an aois íosta chun seasamh i dtoghchán i bhformhór na mBallstát, agus is eisceachtaí iad an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSlóvaic (21), an Rómáin (23), agus an Iodáil agus an Ghréig (25).

E. Ainmniúcháin

I roinnt Ballstát ní fhéadfaidh ach páirtithe polaitiúla agus eagraíochtaí polaitiúla ainmniúcháin a chur isteach. I mBallstáit eile, féadfar ainmniúcháin a chur isteach má bhíonn siad formhuinithe ag an líon sínithe nó an líon toghthóirí atá ag teastáil, agus, i gcásanna áirithe, bíonn gá le héarlais freisin.

Le [Cinneadh \(AE\) 2018/937](#) ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 lena socraítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa leagtar síos conas a líontar na suíocháin i bParlaimint na hEorpa dá bhforáiltear in Airteagal 14(2) CAE agus prionsabal na ‘comhréireachta céimlaghdaithí’ ([1.3.3](#)).

F. Dátaí na dtoghchán

De bhun Airteagal 10 agus Airteagal 11 d’Ionstraim 1976, arna leasú, déantar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a reáchtáil laistigh den tréimhse chéanna dar tosach maidin Déardaoin agus dar críoch an Domhnach ina dhiaidh sin; déanann gach Ballstát an dáta cruinn agus na hamanna cruinne a shocrú. In 1976, ba í an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a chinn an tréimhse thoghcháin do na chéad toghcháin in 1979. Na toghcháin a bhí ann ó 1979 i leith, bhíodar ar siúl sa tréimhse chomhfhreagrach le linn na bliana deireanaí den tréimhse cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 5 den Ionstraim ([1.3.1](#)).

Maidir le toghcháin 2014, rinne an Chomhairle, trína cinneadh an 14 Meitheamh 2013, na dátaí a bhí socraithe do mhí an Mheithimh ar dtús a athrú go 22-25 Bealtaine, ionas nach mbeidís ag teacht salach ar laethanta saoire na Cincíse, tríd an bhforáil seo a leanas d’Airteagal 11 a chur i bhfeidhm: ‘Mura féidir na toghcháin a chomóradh [...] sa tréimhse sin, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, mí amháin ar a laghad roimh dheireadh an téarma cúig bliana dá dtagraítear in Airteagal 5, tréimhse eile a shocrú nach luaithe ná mí roimh an tréimhse ná nach déanaí ná mí tar éis na tréimhse a shonraítear de bhun na fomhíre roimhe seo.’ Comórfar toghcháin iardain sa tréimhse chomhréire sa bhliain deiridh den tréimhse cúig bliana (Airteagal 11 d’Ionstraim 1976). Dá réir sin, bhí toghcháin 2019 ar siúl ón 23 go 26 Bealtaine.

G. Na roghanna atá ag vótálaithe chun ord na n-iarrthóirí ar liostaí a athrú

I bhformhór na mBallstát, féadfaidh vótálaithe vóta tosaíochta a chaitheamh chun ord na n-ainmneacha ar an liosta a athrú. Is liostaí dúnta (gan vóta tosaíochta), áfach, atá i sé Bhallstát (an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Phortaingéil, an Ungáir agus



an Rómáin). I Málta agus in Éirinn, déanann na vótálaithe na hiarrthóirí a liostú in ord tosaíochta (vóta inaistrithe aonair).

H. Suíochán a thagann chun bheith folamh le linn an téarma pharlaimintigh a líonadh I roinnt Ballstát déantar suíocháin a thagann chun bheith folamh a leithdháileadh ar na chéad iarrthóirí neamhthofa ar an liosta céanna (tar éis coigeartú a dhéanamh, b'fhéidir, chun léiriú a thabhairt ar an líon vótaí a fuair na hiarrthóirí). I mBallstáit eile, déantar suíocháin fholmha a leithdháileadh ar chomhaltaí ionaid agus mura bhfuil comhaltaí ionaid ann, tugtar aird ar ord na n-iarrthóirí ar na liostaí. I roinnt Ballstát eile tá sé de cheart ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa filladh ar Pharlaimint na hEorpa a thúisce a scoireann a gcúis fágála d'fheidhm a bheith aici.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ó na 1960idí i leith, arís agus arís eile nocht Parlaimint na hEorpa a tuairim ar shaincheisteanna maidir leis an dlí toghcháin agus chuir sí tograí ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 138 de Chonradh CE (Airteagal 223 CFAE anois). Is léiriú ar a dheacra is atá sé traidisiúin náisiúnta éagsúla a chomhchuihbhiú nach bhfuil nós imeachta atá go hiomlán aonfhoirmeach ann maidir le toghchán do Pharlaimint na hEorpa. Leis an rogha dá bhforáiltear i gConradh Amstardam chun prionsabail chomhchoiteanna a ghlacadh, ní rabhtas in ann na deacrachtaí sin a shárú ina n-iomláine. Tá an uailmhian a leagtar amach in Airteagal 223 CFAE maidir le nós imeachta aonfhoirmeach a ghlacadh, ar gá toiliú Pharlaimint na hEorpa ina leith, fós le comhlíonadh. Bhí iarrachtaí leanúnacha na Parlaiminte chun an nós imeachta toghchánach comhchoiteann a nuachóiriú agus 'a Eorpú' ina gcúis, in 1997, le togra le haghaidh nós imeachta aonfhoirmeach; rinneadh a shubstaint a ionchorprú i gCinneadh 2002 ón gComhairle. An 11 Samhain 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa [rún](#) an 11 Samhain maidir le dlí toghcháin an Aontais Eorpaigh a athchóiriú. Sa tionscnamh reachtach ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, moladh leasuithe ar Ionstraim 1976 d'fhonn na toghcháin Eorpacha a dhéanamh níos daonlathaí agus chun méadú ar rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas toghcháin. Glacadh leis na leasuithe a mhol an Parlaimint, i bpáirt, agus ionchorpraíodh iad i gCinneadh (AE, Euratom) 2018/994 díobh an 13 Iúil 2018. Ní fhéadadh an Chomhairle aontú le togra na Parlaiminte, áfach, go mbunófaí toghlach comhphárteach agus go bhféadfaí príomhiarrthóirí a cheapadh don phost mar Uachtarán an Choimisiúin.

Tar éis a rúin an 7 Feabhra 2018 maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa vótáil an Parlaimint i bhfabhar líon na suíochán a laghdú ó 751 go 705 tar éis don Ríocht Aontaithe AE a fhágáil agus roinnt de na suíocháin sin a bheith ar fáil mar gheall ar Brexit a athdháileadh i measc na dtíortha AE sin atá ábhairín tearcionadaithe ([1.3.3](#)). An 22 Samhain 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa [rún](#) ina ndéantar tathant ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha iarrthóirí a ainmniú don phost mar Uachtarán ar an gCoimisiún le linn thoghcháin 2014, ionas go ndéanfaí dlisteanacht pholaitiúil na Parlaiminte agus dlisteanacht pholaitiúil an Choimisiúin a atreisiú. Rinneadh na socruithe sin a chur chun feidhme roimh thoghcháin 2014 agus, den chéad uair riamh, bhí na príomhiarrthóirí ina n-iarrthóirí i dtoghcháin 2014. Ar deireadh, mar thoradh ar thoghcháin 2014, rinne Parlaimint na hEorpa, an 22 Deireadh Fómhair 2014, duine de na hiarrthóirí sin, Jean-Claude Juncker, a thoghadh ina Uachtarán ar an gCoimisiún. Ina [chinneadh](#)



[an 7 Feabhra 2018](#) maidir le hathbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go bhfuil sí réidh chun diúltú d'aon iarrthóir le haghaidh oifig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh nach bhfuil ainmnithe mar [phríomhiarrthóir](#) ('Spitzenkandidat') de pháirtí polaitiúil Eorpach roimh thoghchán Eorpacha 2019. tar éis thoghchán 2019, áfach, rinneadh Ursula von der Leyen, nach raibh ina Spitzenkandidat, a thoghadh mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach.

In 2003 bunaíodh córas chun páirtithe polaitiúla Eorpacha a chistiú lena gceadaítear freisin fondúireachtaí polaitiúla ([1.3.3](#)) a bhunú ar leibhéal AE (Rialachán (CE) Uimh. 2004/2003 agus rinneadh an Rialachán sin a aisghairm agus a ionadú le [Rialachán \(AE, Euratom\) Uimh. 1141/2014](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha). Tar éis an rúin ón bParlaimint [an 15 Meitheamh 2017](#) maidir le páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla a mhaoiniú ar leibhéal na hEorpa, rinneadh Rialachán 2014 a leasú. Sa rún, cuireadh easnaimh in iúl maidir le leibhéal an chómhaoinithe agus an fhéidearthacht a bhaineann le ballraíocht ilpháirteach na bhFeisirí Eorpacha, agus iarracht á déanamh a áirithiú go n-úsáidfear airgead poiblí go cuí i maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha trí [Rialachán \(AE, Euratom\) 2018/673](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Bealtaine 2018.

Léirigh imeachtaí a tharla le déanaí an baol féideartha atá ann do phróisis toghchán agus don daonlathas ag eascairt ón gcumarsáid ar líne (ionramháil a dhéanamh ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán). Chun cosc a chur le húsáid neamhdhleathach sonraí pearsanta, glacadh leasuithe nua le déanaí ar Rialachán 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([Rialachán \(AE, Euratom\) 2019/493](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 i dtaca le nós imeachta fíorúcháin a bhaineann le sárúithe ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs toghchán do Pharlaimint na hEorpa). Tá sé i gceist leis na rialacha nua, a d'aontaigh an Parlaimint agus an Chomhairle, go ndéanfaí an próiseas toghchán a chosaint ó fheachtais mhífhaisnéise ar líne a bhaineann mí-úsáid as sonraí pearsanta na vótálaithe, agus go dtabharfaí isteach leis na rialacha sin smachtbhannaí a d'fhéadfaí a fhorchur ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a dhéanann iarracht tionchar a imirt ar thoradh na dtoghchán Eorpach trí leas a bhaint as sárúithe ar rialacha cosanta sonraí.

Ina theannta sin, tar éis an rúin ón bParlaimint an 15 Meitheamh 2017 maidir le hardáin ar líne agus leis an margadh aonair digiteach inar iarr sí ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí idirghabháil reachtach a dhéanamh chun leathadh an inneachair bréige a theorannú, d'eisigh Coimisiún, i mí Aibreáin 2018, a theachtaireacht dar [teideal](#) "Ag dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne: cur chuige Eorpach agus mhol sé [Cód Cleachtais](#) ar fud AE, a shínigh trí ardán ar líne i Meán Fómhair 2018. Déanann [plean gníomhaíochta in aghaidh bréagaisnéise](#) Nollaig 2018 an Choimisiúin, i measc beart eile, tathant ar na hardáin ar líne na tiomantais a chur chun feidhme go gasta agus go héifeachtach agus díriú ar ghníomhaíochtaí atá práinneach do na toghchán Eorpacha, lena n-áirítear cuntais bhréige a scríosadh, gníomhaíochtaí teachtaireachtaí a lipéadú trí 'bhotaí' agus



comhoibriú le seiceálaithe fíricí agus le taighdeoirí chun mífhaisnéis a bhrath agus chun inneachar fíoraithe a dhéanamh níos sofheicthe. Sa tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha i mí na Bealtaine 2019, d'iarr an Coimisiún ar na trí ardán a shínigh an Cód Cleachtas [tuairisc a thabhairt ar bhonn míosúil](#) ar na gníomhaíochtaí a rinne siad chun fógraí a chur isteach, chun trédhearcacht a áirithiú maidir le fógraíocht pholaitiúil agus le fógraíocht bunaithe ar shaincheisteanna agus chun dul i ngleic le cuntais bhréige agus le húsáid mhailíseach a bheith á baint as botáí.

Ina Sokolska
11/2020

